



Geabaire: AAC don Ghaeilge

staidéar measúnaithe ar aip
siombail-bhunaithe le haschur
gutha.

Baineann an treoir seo le staidéar measúnaithe ar an gcéad aip AAC don Ghaeilge, dar teideal Geabaire. Tá an aip siombail-bhunaithe agus labhraíonn sé amach focail agus abairtí le guth sintéiseach.



Clár



1

Réamhrá

04

Geabaire a úsáid

02

Gaeilge agus Uathachas

05

An staidéar

03

Geabaire

06

Suíomh gréasáin: tacáiocht

Sa chur i láthair seo, déanfar cur síos ar fheidhmeanna Geabaire agus tabharfar eolas ar an mbealach le Geabaire a úsáid mar úsáideoir AAC nó mar pháirtí cumarsáide. Chomh maith leis sin, pléifear an staidéar féin agus an méid a bheidh le déanamh lena linn.

Táimid thar a bheith buíoch díot as a bheith páirteach sa staidéar seo agus as bheith sásta aiseolas a thabhairt ar an leagan seo de Geabaire. Beidh an t-aiseolas sin an-luachmhar dúinne agus muid ag déanamh forbartha ar dhearadh na haipe amach anseo.



abair.ie

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Tá taighde ar siúl sa tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra i gColáiste na Tríonóide le tamall anuas chun an chéad leagan den aip Geabaire a fhorbairt.

Is é grúpa taighde ABAIR atá i mbun na hoibre sin agus tá maoiniú breise á fháil ag An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Déanann foireann ABAIR forbairt ar acmhainní teangeolaíochta agus teicneolaíochtaí teanga agus cuirtear ar fáil iad sna mórchánúintí éagsúla.

Sa staidéar seo, déanfar taighde ar na feidhmeanna agus na gnéithe tábhachtacha den aip Geabaire, agus déanfar measúnú ar éifeachtúlacht agus ar fheidhmíocht an chéad leagan seo den chóras. Déanfar tuilleadh taighde le grúpa comhairleach – a bhfuil úsáideoirí Geabaire, páirtithe cumarsáide agus páirtithe eile leasmhara páirteach ann – sula ndéanfar aon fhorbairt eile ar Geabaire. Déanfar taighde atriallach air ag gach céim den fhorbairt.




Gaeilge agus Uathachas

Tá géaraghá ag teaghlaigh Gaeltachta agus lasmuigh den Ghaeltacht le haip AAC don Ghaeilge – aip atá iontaofa, siombail-bhunaithe agus a bhfuil aschur gutha leis. Is constaic í an ganntanas seo in oideachas páistí, go háirithe dóibh siúd i ngaelscioileanna agus scoileanna Gaeltachta.

Díritear ar pháistí uathacha i ngaelscioileanna agus scoileanna Gaeltachta sa taighde seo, ach tá súil againn go rachaidh Geabaire chun tairbhe réimse níos leithne úsáideoirí.



Físeán: Dia dhuit a Mhamó




Tá sé tábhachtach go mbeadh fáil ag gach duine ar an nGaeilge le gur féidir leo nascadh lena bhféiniúlacht féin, lena dteaghlaigh agus le pobail labhartha na Gaeilge. Chomh maith leis sin, is cuid lárnach í an Ghaeilge i gcóras oideachais na hÉireann. Is teanga náisiúnta í an Ghaeilge agus tá baint an-láidir aici le féiniúlacht na hÉireann. Creidimid gur cheart go mbeadh rochtain ag gach duine ar an oideachas teanga agus gur cheart go mbeadh go leor tacaíochta ag gach duine teangacha a fhoghlaim.

“BILINGUALISM DOES NOT NEGATIVELY IMPACT AUTISTIC PEOPLE AND MAY PROVIDE BENEFITS FOR COGNITIVE AND SOCIO-EMOTIONAL DEVELOPMENT. IT IS AN ESSENTIAL PART OF SOMEONE’S IDENTITY.”

Digard & Davis. (2021)

Léiríonn an taighde nach n-imríonn an dátheangachas aon drochthionchar ar dhaoine uathacha agus anuas air sin, gur féidir buntáistí cognaíocha agus soch-mhothúchánacha a bheith i gceist leis. Is cuid lárnach í den fhéiniúlacht é an dátheangachas chomh maith.




Ligfidh Geabaire don úsáideoir abairtí a chruthú le gur féidir leo cumarsáid a dhéanamh le duine ar bith, áit ar bith.

Táthar ag súil leis go ligfidh Geabaire don úsáideoir a stór focal a leathnú amach agus forbairt a dhéanamh ar scileanna litearthachta. Os rud é go bhfuil foclóir leathan agus méarchlár ar fáil mar chuid de Geabaire, fásfaidh sé le scileanna teanga an úsaideora. Tá tuiscint ar thréithe na Gaeilge mar bhunchloch do leagan amach an chórais seo – tuiscint ar ghnéithe séimeantacha, comhréire agus moirfeolaíochta na Gaeilge san aireamh. Dearadh an leagan amach ar bhealach loighciúil a ligean don úsáideoir abairtí a chruthú go pras. Leagtar amach na cnaipí ar bhealach seasta ar gach leathanach, chun cabhrú leis an bpleanáil luaileach. Ní fheictear focal ach in aon áit amháin ar an gcóras, ionas nach gá le húsáideoirí gach focal a fhoghlaim ach aon uair amháin. Ar an iomlán, dearadh an córas le foghlaim agus úsáid an chórais a éascú.




Cén fáth ar tugadh Geabaire ar an gcóras?

Séard is geabaire ann ná duine a bhíonn ag caibearacht nó ag caint go minic. Is léiriú é sin ar fheidhm na hainm seo – le cabhrú le duine cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge nuair nach féidir leo dul i muinín urlabhra amháin. Fuarthas inspreagadh don lógó ó dhán Gaeilge, “Pangur Bán”, ina ndéanann an file comparáid idir a chuid féin oibre ag seilg focal agus obair an chait ag seilg lucha.




Zangari, 2021

Dearadh Geabaire le bheith seasta agus iontaofa. Is iad seo a leanas na tréithe a bhaineann le haip iontaofa; leagan amach ciallmhar, rochtain ar stór focal leathan, rochtain ar lár-fhoclóir coitianta, fás an chórais, solúbthacht ó thaobh foirm na bhfocal de agus rochtain ar an aibítir. Bíonn géarghá le guth sintéiseach atá cruinn chomh maith.




Sampla: Táim ag labhairt Gaeilge




Tá leagan amach ciallmhar ar Geabaire, atá ag luí le tréithe na Gaeilge. Leagtar amach na cnaipí i ngreille 7 x 11. Nuair a bhrúitear orthu, cloistear focal nó frása ó ghuth ABAIR, nó bogtar go bord eile atá taobh thiar den chnaipe sin.

Tá thart ar 700 leathanach nó greille mar seo ar an iomlán. Tá siombal agus focal scríofa ag baint le gach cnaipe, agus roghnaíodh na siombail le bheith chomh intuigthe agus is féidir.




Braitheann an leagan amach ar an gcineál focal – ó thaobh na gramadaí de – atá i gceist. Baintear úsáid as dathchódú leis an gcineál focal a chur in iúl. Tá an dathchódú seo bunaithe ar an ‘Fitzgerald Key’: tá dath buí ar fhórainmneacha, dath glas ar bhriathra, dath gorm ar aidiachtaí, dath corcra ar cheisteanna agus dath oráiste ar ainmfhocail. Is féidir teacht ar fhocail thábhachtacha, cosúil leis na forainmneacha réamhfoclacha, go gasta ó aon leathanach – tá dath dubh ar na leathanaigh thábhachtacha sin ar an leathanach baile, agus dath liath orthu i gcás gach leathanaigh eile.



Tá an leagan amach seasta – a mhéid agus is féidir – ar na leathanáigh éagsúla leis an bpleanáil luaileach a chothú. An aidhm ná an líon is lú cnaipí a úsáid le teacht ar aon abairt, rud a fhágann nach gcuirtear aon bhrú breise ar an úsáideoir.



Leagtar amach na cineálacha focal de réir chomhréir na Gaeilge - an briathar ar dtús, ansin na forainmneacha agus ansin catagóirí ainmhfhocal.




Cuirtear focail agus frásaí a mbaintear úsáid astu le chéile, in aice lena céile sa chóras. Mar shampla, má bhrúitear ar an bhfocal “siopa” ar an leathanach baile, faightear briathra atá ceangailte cosúil le “ceannaigh”, chomh maith le stór focal a bhaineann leis an siopadóireacht agus aidiachtaí ábhartha, amhail “saibhir” agus “bocht”.




Tá breis is 3000 focal ar fáil i nGeabaire, rud a ligeann don úsáideoir cumarsáid a dhéanamh ar go leor cúiseanna éagsúla e.g. iarradh ar dhuine rud a dhéanamh, treoracha a thabhairt, ceisteanna a chur, agus tuairimí a chur in iúl. Tá foclóir ar fáil a bhaineann go sonrach le hÉireann, le cultúr na hÉireann agus leis an gcuraclam chomh maith. Mar shampla, feicfidh tú ainmneacha na n-uirlisí ceoil agus focail a bhaineann le féilte reiligiúnacha agus an Cumann Lúthchleas Gael.




Ar an leathanach baile, feicfidh tú go bhfuil catagóirí focal atá ag teacht le téamaí a chlúdáítear go minic mar chuid de churaclam na bunscoile chomh maith le go leor comhthéacsanna eile. Mar shampla, feictear téamaí dár teideal “scoil”, “abhaile” agus “nádúr” anseo.




Beidh úsáideoirí in ann an leathanach “liomsa” a líonadh lena rogha focal agus frásáí amach anseo.



Beidh úsáideoirí in ann ainmneacha daoine muinteartha, na háiteanna is fearr leo nó an ceol is fearr leo a chur ar an leathanach seo, cuir i gcás. Níl sé i gceist againn an fhéidearthacht chéanna a bheith ann i gcás aon leathanach eile, áfach – beidh gach leathanach eile seasta. Rinneadh an cinneadh sin le go mbeadh an rochtain chéanna ag gach úsáideoir ar an stór focal céanna. D'fhéadfaí an cinneadh seo a phlé i gcás daoine a mbeadh leagan amach éagsúil uathu mar gheall ar radharc na súl nó scileanna mínluaile.



Sampla: iolraí




Nuar a bhrúitear ar an bhfocal 'iolra', cuirtear an focal san uimhir iolra go huathoibríoch. Is dúshlán mór é foirmeacha éagsúla an fhocail a chur ar fáil sa Ghaeilge (e.g. sa tuiseal ginideach). Tá seiceálaí gramadaí á fhorbairt faoi láthair a fhágfaidh go mbeidh an t-aschur cruinn ó thaobh na gramadaí de.




Lár-fhoclóir


Cuireadh minicíocht na bhfocal san áireamh i leagan amach Geabaire. De réir an taighde, ní bhaineann duine úsáid ach as 500 focal le 80% den mhéid a deir siad a rá. Baineadh úsáid as Liostaí Breacadh: Focail Choitianta sa Ghaeilge agus foinsí eile leis na focail agus na frásáí is coitianta a aithint agus a chur in aice láimhe ar an leathanach baile nó gar dó.




Is féidir teacht ar an méarchlár ar gach leathanach. Is féidir leis an úsáideoir aon fhocal nó ainm a litriú agus labhrófar amach é.




Feictear na tobnascanna sa chéad cholún ar gach leathanach. Tá dath dubh orthu ar an leathanach baile agus dath liath orthu ar gach leathanach eile. Fágann sé seo gur féidir teacht ar fhocail choitianta gan mhoill.




Ar an leathanach 'stad', tá frásáí úsáideacha a ligean don úsáideoir a chur in iúl go bhfuil cabhair nó breisama ag teastáil uauthu, cuir i gcás.




Tá na leaganacha diúltacha de na briathra ar fáil ar an leathanach 'níl' a bhfuil dath dubh air ar an leathanach baile.



Baintear úsáid as an dathchódú le hidirdhealú idir coincheapanna.



Mar shampla, tá imlíne dhearg ar leaganacha diúltacha na mbriathra.



Le teacht ar an bhfoirm cheisteach de na briathra, brúitear ar “ceisteanna”. Tá dath dubh ar an gcnaipe sin ar an leathanach baile agus dath liath air ar leathanaigh eile.

ceisteanna


?

Feictear ceisteanna coitianta ar an leathanach seo taobh thiar den chnaipe “ceisteanna”.

ceisteanna



Ar leathanaigh eile, brúitear ar an gcnaipe “ceisteanna” leis an bhfoirm cheisteach a fháil.




Tá dath dubh ar an gcnaipe “gob gasta” ar an leathanach baile.


gob gasta

dia duit	dia daoibh	dia is muire duit	dia is muire dánach	mórá duit ar madra	lá math agat	tráthnóna math agat	óiche mhath
cosas atá tú	ar fhéabhas	go fiúntach	go math	ceart go leor	cúlosach	go dona	go h-uafásach
gob gasta	go raibh math agat	agus tú fén	tá brón orm	comhghairdeas	ní haber é	gabh mo leithscéal	falte romhat
i ndáiríre	aon scéal agat	diabhal scéal	slán go fóill	slán abhaille	feicfidh mé ar ball thu	feicfidh mé amhrách thu	slán
						Seol	
						Cuardaign an Focal	


Tá beannachtaí agus freagraí coitianta ar fáil ar an leathanach seo.



Feictear an cnaipe “gob gasta” ar gach leathanach eile, áit a bhfuil frásáí coitianta atá ag teacht le téama an leathanaigh.



Mar shampla, ar an leathanach “mé féin”, tá an cheist “cad is ainm duit” ar fáil ar an leathanach “gob gasta”.



Tá leathanach ann do na forainmneacha réamhfhoclacha agus é ar fáil ar gach leathanach

The screenshot shows a digital communication board interface. At the top left is the logo 'réamhfhocla' with a small icon of four stylized figures. The top bar is green with standard file and navigation icons. Below is a 8x12 grid of cards, each containing an Irish word, its phonetic transcription, and a small icon. The words are organized into rows:

- Row 1: ar, ag, do, le, ó, de, as, (empty), chuir, thar, idir
- Row 2: om, agam, dom, nom, salm, dom, asam, (empty), chugan, tharam, (empty)
- Row 3: ort, agat, dut, heat, uait, diort, asat, (empty), chugat, tharat, (empty)
- Row 4: air, alge, dó, leis, salidh, de, as, (empty), chuirge, tharis, (empty)
- Row 5: uirthi, eici, di, idi, varthi, di, asidi, (empty), chuiridh, tharisti, (empty)
- Row 6: ariann, againn, diúin, linn, salinn, inn, asains, (empty), chuirainn, tharaninn, eadrainn
- Row 7: oraibh, agaibh, daibh, libh, salibh, abh, asairbh, (empty), chuiribh, tharribh, eadraibh
- Row 8: orthu, ait, dídh, bee, salihu, diot, asne, (empty), chonu, tharstu, eatarstu

On the right side of the grid are two buttons: 'Seol' with a magnifying glass icon and 'Cuardhaigh an Focal' with a search icon.

Seo sampla den leathanach a bhfuil na forainmneacha réamhfhoclacha air.



Brúitear ar an gcnaipe “guardaigh an focal” ar aon leathanach le teacht ar uirlis a thaispeánann duit cén áit a bhfuil an focal sa chóras.



Geabaire a úsáid le linn an staidéir: treoir d'fhoireann na scoile


Caitríona Ní Charragáin a d'ullmhaigh na

sleamhnán seo a leanas

Coru: SL017810

IASLT: IA205383

Tá eolas sna sleamhnán a leanas ar Geabaire a úsáid le húsáideoirí AAC. Is í Caitríona Ní Charragáin, teiripecoir urlabhra, a d'ullmhaigh na sleamhnán seo.




Cloiseann linbh an-chuid cainte ar fad sula labhraíonn siad féin in aon chor. Ní labhraíonn leanbh go dtí go mbíonn siad bliain d'aois ar a laghad ach bíonn siad ag déanamh próiseála ar an teanga, ar na fuaiméanna éagsúla, agus á briseadh síos ina bhfocail éagsúla roimhe sin.


Déanann siad na scileanna luaile a fhorbairt chomh maith a ligean dóibh caint le linn na tréimhse sin. Nuair a thosaíonn leanbh ag caint, ní bhíonn an teanga foirfe agus glacaimid leis sin, dar ndóigh.

Bíonn daoine atá ag obair i ngaeilgeanna i dtaithí ar thacaíocht a thabhairt do ghasúir ag teacht ó theaghlaich a bhfuil Béarla nó teanga eile á labhairt ann. Labhraíonn siad leo i nGaeilge ag baint úsáide as abairtí cruinne, ach seans go labhródh siad níos moille, ní go mbainfeadh siad úsáide as abairtí níos gairide. Seans go gcuirfeadh siad béim ar fhocal ar leith le go dtabharfaí tuilleadh airde air. B'fhéidir go mbainfeadh siad úsáid as geáitsí le béim a chur ar fhocal nua.


Bíonn an rud céanna i gceist i gcás foghlaimeoir AAC – caithfidh siad taithí a fháil ar an gcóras AAC trí dhuine eile á úsáid, agus de réir a chéile tiocfaidh tuiscint ar an mbealach leis an gcóras a úsáid. Tá an t-ionchur seo ag an túis thar a bheith tábhachtach agus bíonn foireann na scoile an-lárnach anseo.




Bíonn gach duine in ann eolas nua nó teanga a phróiseáil ar bhealach níos éifeachtaí agus muid socair, rialaithe. Tuigimid go léir go mbíonn tréimhsí ann le linn an lae nuair nach féidir linn díriú ar obair a thuilleadh, nuair a bhíonn briseadh ag teastáil uainn. Tarlaíonn an rud céanna do na gasúir dar ndóigh agus ní shin an t-am is oiriúnaí le túis a chur le rud nua. Caithfimid é sin a chur san áireamh agus muid ag pleanáil don fhoghlaimeoir. Cuirfimid ceisteanna orainn féin. Cén t-am is fearr le túis a chur le rud nua? Caitheann a bhíonn siad socair iontu féin le linn an lae agus réidh le foghlaim?



Gach seans go n-oirfeadh am éagsúil d'fhoghlaimeoirí éagsúla, ag braith ar a bpearsantacht féin. Is dócha gurb é an t-am is fearr le túis a chur leis seo ná nuair atá siad i mbun rud a dtaitníonn leo agus a bhfuil spéis acu ann. Is fearr linn ar fad rudaí a bhfuilimid go maith acu a dhéanamh. B'fhéidir go dtaitneodh puzal le páiste amháin, ag luascadh i leaba luascáin le páiste eile nó ag labhairt faoi chártaí Pokemon le páiste eile. Caithfimid machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaimeoir agus ar na tascanna is fearr leo a bheadh oriúúnach le tosú ar rud nua cosúil leis an gcóras AAC.




Bíonn an stíl chumarsáide atá againn tábhachtach agus imríonn sé tionchar ar an bhfoghlaimeoir agus ar an gcaoi a motháíonn siad. Bíonn sé tábhachtach a bheith nádúrtha leis an gcóras cumarsáide, gan an foghlaimeoir a cheistiú nó iarradh orthu focail a aimsiú. Níor cheart go gceapfadh siad gur uirlis teagaisc nó tástála é an córas AAC, ach uirlis chumarsáide. Is fearr an córas AAC a tharraingt isteach sa tasc, gan iarraidh orthu úsáid a bhaint as ach é a bheith ar fáil má bhíonn siad á iarraidh. Má bhíonn, tá sé sin ar fheabhas, agus éistfimid leis na focail a bhrúitear, ach ní bhíonn muid ag súil leis go mbainfí úsáid as ar dtús.



Ba mhaith an mhaise machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas


- Cé a luchtóidh an iPad?
- An dtuigim conas an iPad a chur ar siúl?
- An dtuigim conas an aip a fháil?
- Conas a bhogfaimid an iPad ó sheomra go seomra?
- An mbeidh duine ar leith freagrach as?
- An gcuirfimid in áit ar leith é gach lá?
- An mbeidh an t-am agamsa féachaint ar an aip?
- An mbeidh an t-am agam focail ábhartha a aimsiú roimh an seisiún?

Is féidir an leathanach baile a phriontáil amach le taithí a fháil ar an leagan amach, agus beidh sin ina chabhair nuair a bhaintear úsáid as sa seomra ranga. É sin ráite, ní gá go mbeifeá i do shaineolaí ar an gcóras in aon chor. Is féidir a thaispeáint don fhoghlaimeoir go bhfuil tusa fós ag foghlaim chomh maith. Mar shampla, an cheist a chur ort féin “cén áit a mbeadh an focal sin...”. Agus baineann sin cuid den bhrú uathu chomh maith ón fhoghlaimeoir.




Is ann do dhá chineál foclóra: an lár-fhoclóir agus an imeall-fhoclóir. Is éard atá i gceist leis an lárfhoclóir ná focail cosúil le “stad” agus “cabhair” a mbaintear úsáid as gach lá ar bhealaí eagsúla. Bíonn sé deacair grianghraif a ghlaicadh de na focail sin agus sin an fáth a mbíonn siombail againn.


Is éard atá i gceist leis an imeall-fhoclóir, ansin, ná foclóir níos sonraí. Is sampla é an focal croissant, b’fhéidir nach mbainfí úsáid as ach ag am ar leith le linn an lae nó i rith na seachtaine. Sampla eile ná an focal Batman – bheadh sé tábhachtach do ghasúir ar leith ach níor bhainfeadh gasúir eile úsáid as ach go fíorannamh. Déanfaimid iarracht úsáid a bhaint as an lár-fhoclóir agus an imeall-fhoclóir le linn an lae.




Sula mbaintear úsáid as an gcóras AAC le linn gníomhaíochta, b'fhiú smaoineamh ar na focail a bheidh ag teastáil. Mar shampla, dá dtaitneodh an trampailín leis an ngasúr, d'fhéadfaí úsáid a bhaint as "ar aghaidh leat" "stad" "cabhair" "suas" agus "síos" mar lárfhoclóir. Chomh maith leis sin, bheadh focail cosúil le "léim" agat mar imeall-fhoclóir. Bímid ag tógáil ar an bhfoclóir díog ar ndíog ag braith ar riachtanais an tseisiúin.



Baineann gasúir áirithe an-taitneamh as bolgán nó as balún a líonadh le haer sa halla. Is bealaí maithe iad na gníomhaíochtaí seo le tógáil ar an bhfoclóir agus bheith ag smaoineamh ar an gcineál foclóra bheidh ag teastáil roimh na gníomhaíochtaí sin. B'fhéidir go mbainfeá úsáid as 1, 2, 3 roimh an tasc le go mbeadh páiste ag súil leis, nó go mbainfeá úsáid as an focal “difriúil” le cur in iúl go bhfuil tú ag bogadh ó thasc amháin go tasc eile. Is fiú pleanáil a dhéanamh air sin roimh ré.



Taitníonn an léitheoireacht i gcomhpháirt le go leor gasúr. Is deis mhaith í le foclóir nua a tharraingt isteach, “léamh” agus “leabhar” mar shampla. Dá mbeadh leabhar á léamh agat faoi charactar teilifíse d’fhéadfaí imeall-foclóir nua a tharraingt isteach, cosúil le “muc” nó “díneasár”. Sula ndéantar an léitheoireacht, is maith an smaoineamh an foclóir a aimsiú agus a phleanáil ionas go mbeidh tú muiníneach le linn na gníomhaíochta. Ansin, de réir a chéile, is féidir an foclóir a thaispeáint don fhoghlaimeoir agus deis a thabhairt dóibh rud eicínt a rá.



Bíonn dul chun cinn ann nuair atá gasúr ag iarraidh úsáid a bhaint as an gcóras AAC, nó nuair a chineann siad an iPad a thabhairt leo agus tú ag bogadh ó áit amháin go háit eile. Seans go mbeidh siad ag féachaint ar an iPad ina gcuid ama féin nó go mbeidh siad ag tabhairt níos mó airde ortsa agus tusa ag baint úsáide as – is dul chun cinn é sin. Seans go mbeidh siad níos sásta ag bogadh ó thasc amháin go tasc eile nuair a bhíonn an iPad á úsáid agat le rá leor cad atá ag teacht. Feicfidh tú, b'fhéidir, go bhfuil forbairt ag teacht ar a dtuiscint, agus is dul chun cinn é sin freisin.

Cén chaoi a n-oibríonn an staidéar seo?



How will the study work?



TestFlight a íoslódáil
Cuireadh & cód
Nasc chuig an leagan Beta de Geabaire
Cuairt scoile

Iarrfar ort an aip TestFlight a íoslódáil ón Apple Appstore ar do ghléas Apple fein. Ansin, tabharfar cuireadh agus cód duit, chomh maith le nasc chuig an leagan seo de Geabaire. Tabharfaidh ball fairne cuairt ar do scoil le cabhrú leat leis seo.



Deich nóiméad - deich lá
Tréimhse ceithre seachtaine
úsáideoir AAC/páirtí cumarsáide/teiripeoir
urlabhra

Iarrfar ort Geabaire a úsáid le cumarsáid a dhéanamh tú féin mar úsáideoir nó mar pháirtí cumarsáide le húsáideoir AAC. Déanfar é seo ar feadh deich nóiméad ar deich lá éagsúla. Beidh an aip agat ar feadh ceithre seachtaine ar dtús. Más rud é nach úsáideoir nó páirtí cumarsáide tú, iarrfar ort do bhrefithiúnas cliniciúil a thabhairt ar Geabaire.



Déan machnamh ar na tréithe a bhaineann le córas AAC iontaofa: leagan amach ciallmhar, rochtain ar stór focal leathan, rochtain ar lár-fhoclóir coitianta, fás an chórais, solúbthacht ó thaobh foirmeacha an fhocail de agus rochtain ar an aibítir (Zangari, 2021).

Agus tú ag baint úsáide as Geabaire, déan machnamh ar na tréithe a bhaineann le córas AAC iontaofa: leagan amach ciallmhar, rochtain ar stór focal leathan, rochtain ar lár-fhoclóir coitianta, fás an chórais, solúbthacht ó thaobh foirmeacha an fhocail de agus rochtain ar an aibítir.



Liosta abairtí
Lár-fhoclóir agus imeall-fhoclóir
Bileog mheasúnaithe

Tabharfar liosta abairtí duit mar thuisphointe, ach tá lánfháilte romhat Geabaire a úsáid ar bhealach níos saoire agus níos leithne. Tabharfar lár-fhoclóir agus imeall-fhoclóir ar leith duit, agus is féidir sírú isteach air sin le linn an staidéir. Chomh maith leis sin, tabharfar bileog mheasúnaithe duit le taifead a dhéanamh ar an gcaoi a n-éiríonn leat gach lá.




Agallamh: aghaidh ar aghaidh nó Zoom <45 nóiméad

Ag deireadh na tréimhse, tabharfar cuireadh chun agallamh duit. Is féidir é a dhéanamh aghaidh ar aghaidh nó ar Zoom, agus ní mhairfidh sé níos mó ná 45 nóiméad ar a mhéid. Cuirfear ceisteanna ort mar gheall ar d'eispéireas le Geabaire.



<https://abair.ie/en/geabaire/support>

Tá tuilleadh eolais faoin staidéar ar fáil anseo: <https://abair.ie/en/geabaire/support>



Go raibh míle maith agaibh!

~~~~~

Go raibh míle maith agat as a bheith sásta páirt a ghlacadh sa staidéar seo. Is mór againn é.